# CUAILLE

MEÁN FÓMHAIR 2021

# Clár


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht An Uachtaráin | 3 |
| Ár gCluichí Ár Laochra - Conall Ó hAiniféin, An Clár | 4 |
| Na Dathanna | 6 |
| Croí Phobal Chumann Caide na Gaeltachta ag Preabadh go Láidir | 7 |
| Ár gCluichí Ár Laochra - Niall Mac Cionnaith, Aontroim | 11 |
| Réaltaí agus fathaigh mhóra na gcluichí le cloisteáil ar Phodchraoladh CLG | 13 |
| Céim ar Aghaidh: Liathróid Láimhe | 14 |
| Teachtaireacht ó Ghráinne McElwain | 18 |
| CLG agus na Cluichí Oilimpeacha | 19 |
| Do Chlub, Do Chontae: CLG, Na Piarsaigh, Toronto | 20 |
| Céim ar Aghaidh: Cluiche Corr – Scileanna | 22 |
| Cuardach Focal | 26 |
| An tábhacht a bhaineann le huisce | 28 |
| Caoineadh Uí Ógáin | 29 |
| Buaiteoir Chomórtas CLG Sheachtain na Gaeilge | 30 |
| Crosfhocal | 31 |
| Ar bhóithrín na smaointe...Cláiríigh Bhuacacha '92 | 32 |
| 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh! | 33 |
| Tacaíocht dár gCóitseálaithe - Gaeilge Support for Coaches | 34 |



# Teachtaireacht An Uachtaráin

A chairde,

Céad míle fáilte romhaibh go dtí an t-eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir thaitneamh agus thairbhe as na míreanna éagsúla atá in eagrán na ráithe seo. I measc na míreanna sin, tá gné-ailt ar nós 'Ár gCluichí, Ár gCultúr', crosfhocal, tráth na gceist, 'Do Chlub, Do Chontae' podchraoltaí, míreanna club agus go leor leor eile.

Dar ndóigh, tá muid ag druidim i dtreo dheireadh na gcraobhchomórtas idirchontae um an dtaca seo agus bhí ríméad orainn sluaite a fheiceáil ag ár gcluichí arís. Bhí 40,000 ag Cluiche Ceannais Iomána na hÉireann an tseachtain seo caite agus táimid ag tnúth go mór le fáiltiú roimh 40,000 eile chuig Páirc an Chrócaigh ar an Satharn, 11 Meán Fómhair, le haghaidh Chluiche Ceannais Peile na hÉireann.

Níl aon amhras faoi ach gur am deacair a bhí sa 18 mí dheireanach do gach duine atá bainteach lenár gCumann agus gur tuar dóchais a bhí ann na sluaite a fheiceáil ag filleadh ar ár gcluichí.

Ba mhaith liom mo mhíle buíochas a chur in iúl do na húdaráis chuí a cheadaigh na sluaite seo. Ba mhaith mo bhuíochas a chur in iúl, freisin, do bhaill an Chumainn as ucht na treoirlínte a bhaineann le filleadh ar chluichí a leanúint. Coinnímis orainn á leanúint.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud éigin ann do gach duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois!

Beirigí bua ag beannacht,

***Labhrás Mac Cárthaigh***
***Uachtarán***
***Chumann Lúthchleas Gael***



# Ár gCluichí Ár Laochra

## Conall Ó hAiniféin, An Clár

***Is é leathchúlaí an Chláir, Conall Ó hAiniféin, atá faoin spotsholas an iarraidh seo! Dar ndóigh, is le CLG Ruadhán a imríonn Conall a chuid iomána agus is le CLG Éire Óg a imríonn sé a chuid peile, nuair nach mbíonn sé ag déanamh ionadaíochta ar a chontae dúchais, an Clár.***

***Tá Conall ag imirt le foireann shinsir an Chláir le roinnt blianta anuas agus níl aon amhras faoi ach go bhfuil todhchaí bhreá i ndán dó i ndathanna a chontae. Cé gur cúlaí go príomha é Conall is féidir brath air i gcónaí le roinnt scóranna tábhachtacha a aimsiú.***



***D'fhás mé suas le Gaeilge sa tigh. Is as Lios Póil i gCiarraí m'athair agus chaith mé go mé go leor ama ansin i m'óige. Aon uair a dtugaim cuairt ar Lios Póil bíonn deis agam Gaeilge a labhairt le mo ghaolta go léir ansin. Chomh maith le sin, d'fhreastlaíos ar Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg agus ar Ghaelcholáiste an Chláir agus tá áit lárnach ag an teanga i mo shaol i gcónaí.***

*Conall Ó hAiniféin, Bealtaine 2020*

***Seo a leanas mar a d'fheagair Conall ár bhfiche ceist:***

**Ainm:**
Conall Ó hAiniféin

**Aois:**
24

**Slí bheatha:**
Achtúire leis an gcomhlacht Invesco

**Club:**
An Ruadhán / Éire Óg, Inis

**Contae:**
An Clár

**Club nó contae?**
Club

**An scannán is fearr leat?**
The Big Short

**An banna ceoil is fearr leat?**
Oasis

**An áit is fearr leat?**
Nua-Eabhrac

**An bia is fearr leat?**
Stéig agus prátaí

**An clár teilifíse is fearr leat?**
Prison Break

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**
Ag freastal ar Chluiche Leathcheannais na h-Éireann i 2002 idir Ciarraí agus Corcaigh

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
An Gooch

**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**
2009 le Cumann na mBunscoil

**An t-imreoir is fearr a d'imir leat:**
Gary Brennan

**An t-imreoir is fearr a d'imir i do aghaidh:**
James O'Donoghue

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**
I gcoinne Chorcaí sa tsraith i 2019




**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae:**
Bua ar an Iarmhí anuraidh sa chraobh

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:**
Trí chraobh fé 21 i ndiaidh a chéile a bhuachaint
An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha go dtí seo: Mo thuismitheorí

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga?**
Bain taitneamh as aon deis a bhíonn agat peil nó iomáint a imirt – ní mhaireann an deis sin go deo

**An mbeadh suim agat a bheith i do chóitseálaí/ bhainisteoir amach anseo?**
Bheadh suim agam i gceann 20 bliain nó mar sin

***Gluais*** / Glossary
***Spotsholas*** – spotlight Dar ndóigh – of course ***ag déanamh ionadaíochta*** – representing ***a chontae dúchais*** – his native county ***le roinnt blianta anuas*** – for the past few years ***níl aon amhras faoi*** – there is no doubt ***todhchaí bhreá*** – bright future ***dathanna*** – colours go ***príomha*** – primarily ***brath*** – depend ***scóranna tábhachtacha*** – importanta scores ***gaolta*** – relations ***áit lárnach*** – a central place ***achtúire*** – actuary comhlacht – company ***deis*** – opportunity ***ní mhaireann*** – it does not last ***go deo*** – forever

> *Tá an Ghaeilge fíorthábhachtach i mo shaol mar is cuid lárnach de mo theaghlach, mo phearsantacht agus mo chultúr í agus cuireann sé ríméad orm go bhfuil sí agam agus go bhfuil mé in ann í a labhairt le daoine eile.*

***ÉAMON ÓG Ó DONNCHADHA, AN MHÍ***

# Na Dathanna



## Cad iad dathanna na gcontaetha?

*Gorm = Blue / Dearg = Red / Oráiste nó Flannbhuí = Orange / Donn = Brown / Buí = Yellow / Dubh = Black / Bán = White / Dúghorm = Navy / Marún = Maroon / Ómra = Amber / Glas nó Uaine = Green / Bándearg nó Pinc = Pink / Ór = Gold / Cróchbhuí = Saffron / Sabhaircín = Primrose*

### LAIGHIN

Áth Cliath – Gorm agus Dúghorm
An Mhí – Glas agus Ór
Cill Dara – Bán
Loch Garman – Corcra agus Ór
Uíbh Fhailí – Glas, Bán agus Ór
Lú – Dearg agus Bán
Laois – Gorm agus Bán
Cill Chainnigh – Dubh agus Ómra
Ceatharlach – Dearg, Buí agus Glas
An Iarmhí – Marún agus Bán
An Longfort – Gorm agus Ór
Cill Mhantáin – Gorm agus Ór

### ULAIDH

An Cabhán – Gorm agus Bán
Tír Eoghain – Bán agus Dearg
Muineachán – Bán agus Gorm
Ard Mhacha – Oráiste agus Bán
An Dún – Dearg agus Dubh
Dún na nGall – Glas agus Ór
Aontroim – Cróchbhuí agus Bán
Doire – Bán agus Dearg
Fear Manach – Glas agus Bán

### CONNACHTA

Gaillimh – Marún agus Bán
Maigh Eo – Glas agus Dearg
Ros Comáin – Sabhaircín agus Gorm
Sligeach – Dubh agus Bán
Liatroim – Glas agus Ór

### AN MHUMHAIN

Ciarraí – Glas agus Ór
Corcaigh – Dearg agus Bán
Tiobraid Árann – Gorm agus Ór
An Clár – Cróchbhuí agus Gorm
Luimneach – Glas agus Bán
Port Láirge – Bán agus Gorm

### EILE

Londain – Glas agus Bán
Nua-Eabhrac – Dearg, Bán agus Gorm






# Croí Phobal Chumann Caide na Gaeltachta ag Preabadh go Láidir

*Le Jamie Ó Tuama*

Tá an Clár 'Community Heart' nó 'Croí an Phobail' de chuid Chumann Lúthchleas Gael, i gcomhar le Heart Safety Solutions, faoi lánseol um an dtaca seo. Coinníodh 42 duine beo le blianta beaga anuas de bharr dífhibrileoirí a bheith lonnaithe i gclubanna de chuid an Chumainn. Moltar go láidir do chlubanna ar fud an oileáin agus níos faide i gcéin dífhibrileoirí a fháil dá gcuid clubanna agus dá gcuid pobal. Níl a fhios cén uair a mbeadh siad ag teastáil.

Mar chuid den chlár faigheann gach club lacáiste de €995 ar gach dífhibrileoir, má éiríonn leo €2,150 eile a bhailiú trí thiomsaitheoirí éagsúla airgid a eagrú. Cuireann Heart Safety Solutions an dífhibrileoir ar fáil ina dhiaidh sin agus déanann siad cinnte go bhfuil siad ag feidhmiú mar is ceart agus go bhfuil siad ceangailte le seoltaí áirithe ríomhphoist de chuid an chlub. Labhair mé le Conall Ó Cíobháin ó Chumann Caide na Gaeltachta i gCorca Dhuibhne an tseachtain seo. Tá an-iarracht á déanamh ag an gclub airgead a bhailiú le dífhibrileoirí a cheannach agus tuigeann siad go rímhaith an tábhacht a bhaineann lena leithéid. Tá a ndóthain airgid bailithe ag an gclub le trí cinn d'fhibrileoirí a fháil mar chuid den fheachtas seo. Labhair Conall faoi na rudaí a bhí idir lámha acu leis an airgead a bhailiú.

'Is dócha gurbh é an feachtas 'Croí an Phobail' a thosnaigh an rud seo amach', a mhíníonn Conall. 'Nuair a bhíomar ag caint le linn cruinniú ghlac an Coiste leis, agus bhrúmar chun cinn leis. Thosnaíomar ag roinnt an leathanaigh Go Fund Me ar ár leathanaigh ar na meáin shóisialta, ar Instagram, ar FB agus ar Twitter.

'Bhí iontas orainn cé chomh flaithiúlach a bhí muintir na háite agus is dócha go luíonn sé sin isteach leis an tábhacht a bhaineann le CLG sa gceantar so, go mbeadh a leithéid de sheirbhís ar fáil agus dífhibrileoir ar fáil, ní hamháin do CLG nó do Chumann Caide na Gaeltachta ach don bpobal ar fad.

'Tuigimid go bhfuilimid buailte leis an dtráigh. Bíonn an tráigh so gnóthach gach aon lá. Bíonn ualach daoine a thig timpeall anso le linn bhiaiste an tsamhraidh agus táimid breá sásta go mbeadh dífhibrileoir ar fáil dóibh. Níor mhaith linn go mbeadh sé in úsáid riamh ach b'fhéidir go mbeadh lá éigint.'

Chuir sé iontas ar Chonall agus ar lucht an chlub cé chomh flaithiúil is a bhí a gcuid ball agus cairde eile de chuid an chlub.

'Is dócha gurbh é an feachtas bailiúcháin airgid a bhí againn ná 'Croí an Phobail' agus fé mar a dúrt, bhí an pobal fíorfhlaithiúlach linn', a deir Conall. 'Rud a chuir iontas orainn is dócha níos mó ná aon ní eile ná baill den gCumann atá lonnaithe timpeall na tíre, cuid acu nach raibh ina mbaill ar feadh cúpla bliain.

'Chonacadar an feachtas ar líne agus bhíodar ar an bhfón chugainn agus bhí cúpla síntiús fíorluachmhar ann don gCumann. Ba mhaith liom buíochas a dhéanamh leis na daoine san agus leis na daoine ar fad a chabhraigh linn go dtí so.

‘Gan dabht, nuair a ardófar na srianta i gceart tá sé i gceist againn fundraiser a dh’eagrú lá éigint dos na leanaí agus dos na tuismitheoirí ionas go mbeimis ar fad le chéile agus go mbeimis ábalta airgead a bhailiú. Gan dabht, leis na srianta ardaithe bheadh sé deas, b’fhéidir, cóisir a bheith againn dóibhsan. Sin é go díreach atá ar bun againn i láthair na huaire.’

Tá trí dhífhibrileoir cinntithe ag Cumann Caide na Gaeltachta go dtí seo agus cuireann Conall síos ar a bhfuil i gceist ag an gclub a dhéanamh leo.

‘Tá muid fíorbhuíoch don scéim san ‘Croí an Phobail, a chabhraigh go mór linn. Tá súil againn dífhibrileoir amháin a bheith againn i bPáirc Caide Ghallarais, ceann eile a bheith againn sa pháirc nua agus beidh an tríú ceann á iompar linn má bhíonn foireann shinsir ag imirt as baile nó na foirne mionúir is mar sin.

‘Táimid chomh sásta go bhfuil siad againn agus muid fíorbhuíoch don bpobal as an tacaíocht a thugadar dúinn ó thus.’

Tuigeann Conall agus a chlub, Cumann Caide na Gaeltachta, an tábhacht mhór a bhaineann leis an gclár seo agus molann sé do chlubanna a bheith ar airdeall maidir leis an gceist áirithe seo.

‘Is é an chomhairle is mó a bheadh agam d’aon chlub nach bhfuil defib acu’, a deir Conall, ‘ná, téir amach maidin amárach agus ceannaigh ceann. Bíodh feachtas bailiúcháin airgid agaibh.

‘Tuig go dtuigfidh daoine laistigh den gceantar féin an tábhacht a bhaineann le dífhibrileoir a bheith ar fáil agus nach don gcumann caide nó don gcumann iomána amháin é, ach don bpobal ar fad. Tá a fhios againn ar fad gurb é an difríocht atá ann, ná, b’fhéidir go bhfaigheadh duine éigint bás nó go mbeidís ina mbeathaigh. Ní dócha go bhféadfadh leat aon luach a chur air sin.’

D’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil dífhibrileoirí i gclubanna atá níos nó mó ná deich mbliana d’aois. Tá seans maith ann nach n-oibríonn na dífhibrileoirí sin a thuilleadh agus moladh mór a bheadh ag Conall do chlubanna ná gur cheart tástáil a dhéanamh ar shean-dífhibrileoirí le cinntiú go bhfuil siad ag obair. Ní fiú dífhibrileoir a bheith ag club muna n-oibríonn sé.

‘Gan dabht, tá a lán cumann leis agus b’fhéidir go mbeadh dífhibrileoir acu le deich mbliana anuas, nó, b’fhéidir níos mó. Is é an moladh a bheadh ansan, muna bhfuil sé úsáidte agat nó má thá sé chomh sean san, bí siúráilte go bhfuil sé ag obair. Bí siúráilte go bhfuil sé ag obair mar ní bheadh faic ní ba mheasa ná daoine ag lorg do dhífhibrileora agus gan é a bheith ag obair. ‘Mar sin, tá sé ríthábhachtach go mbíonn duine éigint á seiceáil i gcónaí, go bhfuil na dífhibrileoirí ullamh agus le cúnamh Dé, mar a dúrt, nach mbeadh ar aoinne riamh iad a úsáid ach gan dabht is áis iontach iad a bheith ann.’

Ag croílár an chláir seo tá ‘A.C.T.’. Míníonn Conall dúinn anseo cad go díreach is brí le ‘A.C.T.’ agus cén fáth ar ghá gníomhú dá réir i gcás dífhibrileoirí.

‘Go bunúsach’, a deir Conall, ‘is éard atá i gceist le A.C.T. na ‘Accessible’, ‘Charge’ agus ‘Train’. Mar sin ‘Accessible’, go bhfuil sé ar fáil don bpobal. Dá dtarlódh timpiste timpeall ar aon cheann de pháirceanna caide Ghallarais go mbeadh a fhios ag an bpobal go díreach cá bhfuil an dífhibrileoir, go mbeadh siad in ann teacht air agus nach mbeidh aon útamáil, nó aon ní mar sin ann, agus go mbeadh siad ábalta teacht air go furaist.

‘Ansin, tá an ‘Charge’. Tá sé seo ana-thábhachtach agus is dócha go mbéarfadh sé amach ar chúpla duine. N’fheadar an ndéanfadh ach caithfidh tú a bheith 100% siúráilte go bhfuil an dífhibrileoir ullamh le dul. Mar sin, go bhfuil cumhacht istigh ann agus go bhfuil sé lán le cumhacht. Cuimhnigh air, dá dtitfeadh timpiste amach agus dá raghfása go dtí an dífhibrileoir, gan é a bheith ag obair i gceart agus gan é a bheith chargeáilte. Ní bheadh sé sin maith a dhóthain.

‘Ansin, níos tábhachtaí fós go bhfuil daoine ann, go bhfuil cur amach acu ar dhífibrileoirí. Is é sin go bhfuil daoine ann a thuigeann conas iad a úsáid, go bhfuil a fhios acu cá bhfuil siad arís, ‘Accessible’, go bhfuil sé chargeáilte. Gan dabht, má tá an dífhibrileoir ullamh ach muna bhfuil aoinne gur féidir é a úsáid is wástáil ama é sin!

‘Tá cúrsaí ar fáil ar fud na tíre agus fiú amháin do dhaoine nach bhfuil páirteach le CLG. Is cuma cá bhfuil tú páirteach, ta sé ríthábhachtach dhúinn mar thír go

dtuigimid conas go n-oibríonn na rudaí so. Má tá an trealamh agat, ach muna bhfuil daoine ábalta an trealamh sin a oscailt tá sé chomh maith agat é a fhágaint sa mbosca.

‘Cuir amach in áit lárnach é. Bí siúráilte go bhfuil sé ullamh le himeacht i gcónaí, go bhfuil sé ullamh le hoibriú agus go bhfuil sé chargeáilte ar nós d’fhóin nó aon ní eile.’

Bhí cúrsa anseo againn sa gCumann le déanaí agus bhí daoine breá sásta leis, breá toilteanach le dul ann ach mholfainn ceann des na cúrsaí sin a dhéanamh gach aon tarna bliain nó rud éigint ionas go mbeadh a fhios agat go 100% cinnte má bhíonn ort dífhibrileoir a úsáid, conas é a úsáid.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gClár ‘Croí an Phobail’ nó ‘Community Heart’ ag an nasc seo:



*Defib An Ghaeltacht*

# GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

GAA

**Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.**

**Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.**

**Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.**

## CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

## BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

**Ba cheart d'imreoirí, cóitseálaithe agus Clubanna CLG:**

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'
- ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

*Ár gcluichí. Ár rogha.*

**Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas Frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.**

## DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

**Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:**

**DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?

**FAD** HAn bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?

**MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?

**CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

**Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG**



**TIG LE BULAÍOCHT TARLÚ**

**Ó Dhuine Óg go Duine Óg**

**Dhuine Óg go Duine Fásta**

**Dhuine Fásta go Duine Óg**






# *Ár gCluichí Ár Laochra*

## *Niall Mac Cionnaith, Aontroim*

*Bhuaigh Niall Mac Cionnaith, Aontroim Craobh Idirmheánach Aontroma lena chlub, CLG Phádraig Sáirséil sa bhliain 2017 agus tháinig buaicphointe a shaoil imeartha go dtí seo nuair a d'éirigh le hAontroim Craobh Sheosaimh Mhic Dhonncha a bhuachan anuraidh, 2020. D'imir Niall mar leatosaí ar chlé an lá sin agus d'éirigh leis dhá chúilín a aimsiú dá fhoireann.*

*Seo mar a d'fhreagair Niall ár gcuid ceisteanna:*




**Ainm:**
Niall Mac Cionnaith

**Aois:**
26

**Club:**
Pádraig Sáirséil

**Contae:**
Aontroim

**An scannán is fearr leat?**
Sleepers

**An leabhar is fearr atá léite agat?**
Harry Potter

**An banna ceoil is fearr leat?**
Brendan Quinn (Homeless)

**An áit is fearr leat?**
An Téalainn

**An bia is fearr leat?**
Stéig, cogain agus anlann piobaraithe

**Clár teilifíse is fearr leat?**
Vikings

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
Eoin Kelly as Tiobraid Árann

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**
Ag dul le hamharc ar mo dhaidí ag imirt do Pheadar O'Neill Crowleys

**An chéad uair a ndearna tú ionadaíocht ar do chontae:**
2013 i gCluiche Ceannais Uladh.

**An t-imreoir is fearr le himirt leat:**
Paul Shields (shorty)

**An t-imreoir is fearr le himirt i do aghaidh:**
Pádraic Maher

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**
Idir Cluiche Ceannais na hÉireann f21 no Cluiche Ceannais Sheosaimh Mhic Dhonncha.



**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:**
Corn Sheosaimh Mhic Dhonncha a bhaint.

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:**
An chraobh idirmheánach a bhaint.

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha go dtí seo:**
Daideo (Dermy McKenna)

**Aon chomhairle agat d'imreoirí óga?**
Éist le do bainisteoirí agus bain sult as.

**Aon chaitheamh aimsire eile?**
Galf

***Gluais*** / Glossary
***buaicphointe a shaoil imeartha*** – highlight of his career ***leatosaí ar chlé*** – left half forward



*D'éirigh liom Fáinne Airgid a fháil agus mé ar scoil. Tá sé de rún agam snas a chur ar mo chuid Gaeilge...*

CHARLIE VERNON, ARD MHACHA




# Réaltaí agus fathaigh mhóra na gcluichí le cloisteáil ar Phodchraoladh CLG


Paul Flanagan

***#GAAgaeilge Chumann Lúthchleas Gael***

Coinnigh suas chun dáta leis an aicsean ar fad ó chluichí móra Chumann Lúthchleas Gael ar phodchraoladh #GAAgaeilge Chumann Lúthchleas Gael i gcomhar leis an An Spota Dubh ó Raidió na Life.

Is féidir éisteacht siar leis na cláracha go léir ANSEO

I measc na n-aíonna móra a bhíonn i dteannta le Cian Ó Griallais agus le Cárthach Breathnach, bíonn leithéidí Mark Foley, Paul Flanagan, Naoise de Bhaldraithe, Cathal King, Tadhg Óg Murphy, Tony Ó Murchú, Darragh Egan, Darragh O'Connell agus go leor leor eile ag plé na hiomána agus bíonn leithéidí Seán Ó Domhnaill, Dara Ó Cinnéide, Caoimhín Ó Casaide, Gary Brennan, Seán Denvir, Liam Ó Lonáin, Darragh O'Brien agus Mark Harte ag plé na peile.


Caoimhín Ó Casaide

# PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

**Snáithe: Cluichí** | **Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6** | **Ceacht: 15 Liathróid Láimhe**

## Ionad:

Clós na Scoile/Halla ina bhfuil balla cothrom

## Trealamh:

Liathróidí Láimhe, pónaireáin, cóin

**Ceacht 15**
**Liathróid Láimhe**

**Snáithaonad:** Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

**Snáithaonad:** Cruthú agus Imirt Cluichí

**Spriocanna Curaclaim:**
Breis Forbartha agus cur le scileanna i láimhseáil na liathróide
Breis Forbartha agus cur le scileanna i mbualadh na liathróide
- Glan an Zón
- Ainmnigh an Buailteoir

**Spriocanna Curaclaim:**
Cruthú agus Forbairt ar chluichí ina mbeirteanna agus in ngrúpaí beaga

**Snáithaonad:** Tuiscint agus Léirthuiscint ar Chluichí

**Spriocanna Curaclaim:**
Comhrá & feabhas ar scileanna smachta gluaiseachta a bhaineann le cluichí
Cur le tuiscint na ndaltaí maidir le úsáid spáis i mionchluichí
Cur le tuiscint na ndaltaí ar na taicticí agus ar na stráitéisí a bhaineann le mionchluichí
Daltaí ag dul i gcleachtadh ar chuntas a choineáil ar na scóranna agus ar rialacha a athrú do mhionchluchí
Go nglacfadh na daltaí le deiseanna a bheith páirteach i gcluichí ina bpobal féin

**Nascáil:**
Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)
Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith, Léim & Caitheamh

**Ceap do Phleananna Ceachta Féin**



GAA Learning
GAA Activity Planner

**Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary**

## Tagairtí:

**Curaclam na mBunscoileanna**
Corpoideachas (1999)
Treoirlínte do Mhúinteoirí Corpoideachais (1999)

**Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna**
http://www.ppds.ie/pcsparchive/pe/pssi.clickme.html

**Fun Do GAA Learning Resource Pack** (2007)



Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6

## Eagrú

- Déan dhá fhoireann den rang, foireann i ngach leath den chlós/halla
- Leag líne marcanna trasna lár an halla/clós – sin an líne leathbhealaigh
- Leag suas le 20 liathróidí láimhe nó pónáireáin ar an líne leathbhealaigh roimh thús na himeartha

## Gníomh 1 – Glan an Zón

- Cuirtear tús leis an imirt trí cheann de na liathróidí/pónaireáin a bhualadh isteach i leath do chéilí comhraic den chúirt
- An sprioc na liathróidí/pónaireáin ar fad a bhualadh amach as leath d'fhoirne féin le buille liathróide láimhe
- Maireann gach cluiche 45 soicind, nó mar sin
- Bíonn an bua ag an bhfoireann is lú a bhfuil liathróidí/pónaireáin ina limistéir féin



## Pointí Teagaisc

**Cuir béim ar an teicníc cheart:**

- Ba chóir go mbeadh na himreoirí ina seasamh i gconaí agus iad ag bualadh
  Ag seasamh cliathánach
  Na Glúine lúbtha
  An liathróid á bualadh ag airde na coime
- Buail Liathróidí Láimhe feadh na talún
- Má tá liathróid láimhe ag preabadh go hard (os cionn leibhéal na nglúine), beir uirthi, leag ar an talamh agus buail ansin

## Eagrú

- Roinn an rang ina ngrúpaí, triúr i ngach grúpa – 1v1 agus réiteoir
- Liathróid amháin ag gach grúpa
- Bainfeadh gach grúpa a gcuid spáis féin amach agus sin a gcúirt

## Gníomh 2 – Mion-Liathróid Láimhe

- 1v1 Liathróid Láimhe Lasrach
- An bua ag an té is túisce a mbeidh 3 phointe aige/aici
- Glacann gach duine, ar a seal, cúram an réiteora



## Pointí Teagaisc

- Spreag na daltaí chun a gcuid rialacha féin a leagan amach m.sh. an spás ceadaithe, an méid preabanna ceadaithe sula gcaithfear bualadh srl.
- Cuir béim ar an teicníc cheart
  - Méara lúbtha
  - Seasamh Cliathánach
  - Glúine lúbtha An liathróid á bualadh ag airde na coime

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6

## Eagrú

- Seasann na daltaí i líne ag cúl an halla/clós
- Liathróid amháin a theastaíonn

## Gníomh 3 – Ainmnigh an Buailteoir

- Buaileann an chéad dalta an liathróid den bhalla
- Ansin glaonn siad amach ainm dalta eile agus ní mór go mbeadh seisean/sise ar an gcéad duine eile a bhuailfidh an liathróid
- Bíonn trí 'shaol' ag gach dalta
- Cailleann dalta 'saol' sa chás go nglaotar a n-aimn agus nach n-éiríonn leo an liathróid a bhualadh
- Má bhuaileann dalta liathróid nach féidir a shroichint nó má tá siad mall ag ainmniú duine eile, iadsan a chailleann an 'saol'
- An bua ag an té is deireanaí a fhanann san iomaíocht



## Pointí Teagaisc

- Spreag na daltaí chun an lámh dheas agus an lámh chlé a úsáid
- Ní mór do na daltaí oibriú mar fhoireann chun an imirt a choineáil sa tsiúl
- Agus ainm dalta á f(h)ógairt, ní mór dóthain ama a bheith tugtha dó/di chun an liathróid a shroichint
- Ceadaigh dhá phreab ar mhaithe le éascaíocht

**C Cén fáth go gcaitear na súile a choineáil ar an liathróid agus tú á bualadh?**

## Eagrú

- Roinn an Rang ina ngrúpaí
- Beirteanna do clucihí singil (1v1) agus ceathrar (2v2) do chluichí dúbailte
- Ainmnigh réiteoir ar gach cluiche
- Liathróid amháin ag gach grúpa
- Bainfeadh gach grúpa a gcuid spáis féin amach agus sé sin a gcúirt
- Usáid leagan amach comórtas a thiocfaidh chun sochair na mbuaiteoirí

## Forbairt – Rí na gCúirteanna

- Bíodh rialacha iomlána Liathróide Láimhe i bhfeidhm
- An sprioc áit a bhaint amach sa bhabhta ceannais
- Imríonn na caillteoirí singil nó dúbailte caillteoirí eile
- Siad na réiteoirí a leagan amach cé a imreoidh in aghaidh a chéile go n-aimseofar buaiteoir/í




## Pointí Teagaisc

- Is é an té ar leis a dhul chun cúirte an chéad uair eile a dhéanfaidh réiteoireacht

**C An bhfuil targaid i d'intinn sula mbuaileann tú an liathróid?**

Gníomhartha iar-aclaíochta agus searrtha – www.learning.gaa.ie/planner/primary




Cumann Lúthchleas Gael

SCÓR

# Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

**Tuilleadh eolais:**
**www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor**

GAA
**TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN**



A chairde,

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh don chéad uair chuig an eagrán is deireanaí de ‘Cuaille’ mar Chathaoirleach ar Choiste Naisiúnta Gaeilge CLG. Tá go leor míreanna éagsúla ar fáil i gCuaille na ráithe seo a bheidh feiliúnach d’aoisghrúpaí éagsúla agus do dhaoine ar gach cineál caighdeáin Ghaeilge.

Taobh amuigh de ‘Cuaille’ na déanaigí dearmad gur féidir coinneáil suas chun dáta maidir leis na scéalta is mó CLG i nGaeilge ar rannóg Ghaeilge GAA.ie chomh maith le leathanach baile an tsuímh. Bíonn idir nuacht reatha, gné-ailt, podchraoltaí, nuacht faoi imeachtaí agus faoi thograí Gaeilge agus go leor leor eile le fáil ann.

Maidir le mo ról mar Chathaoirleach ar Choiste Naisiúnta Gaeilge CLG tá mé ag súil go mór tabhairt faoi thograí tábhachtacha éagsúla uaidh seo go ceann cúpla bliain i gcomhar le mo chuid comhghleacaithe díograiseacha ar an gCoiste agus tá muid ag súil go mór díriú ach go háirithe ar riachtanais ár gcuid ball, clubanna agus conteatha le linn an ama sin.

Ó thaobh na gcluichí de, tá deireadh na gcaobhchomórtas peile, iomána agus camógaíochta buailte linn. Tá go leor craobhchomórtas club faoi lánseol, áfach, agus féastaí móra amach romhainn . Bígí cinnte go bhfuil Cuaille á léamh agaibh idir an dá linn!

Bainigí taitneamh as Cuaille agus na cluichí.

Beirigí bua ag beannacht,

***Gráinne McElwain,***
***Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG***

Le Conall Ó Máirtín



# CLG agus na Cluichí Oilimpeacha

Tá na Cluichí Oilimpeacha thart agus éacht bainte amach ag foireann na hÉireann idir Kellie Harrington agus an fhoireann ramhaíochta agus achan duine a bhaineann le cúrsaí spóirt sa tír seo ar bís dóibh. Ach ceann de na rudaí is fearr liomsa faoi na cluichí oilimpeacha ná deis a bheith agam bheith ag amharc ar na spóirt nach bhfeiceann muid de gnáth agus na spóirt atá ag fáil deis sna cluichí oilimpeacha agus ann don chéad uair. Bhí me gafa go háirithe leis an chomórtas dreapadóireachta a bhí ag tógáil áite sna cluichí don chéad uair riamh. Spórt eile a bhain mé an dubh rud sult as ná an chlársclatáil. Thug an comórtas seo ceann de na scéaltaí is fearr dúinn ó na cluichí oilimpeacha, bhuel seachas Kellie Harrington ar ndóigh, nuair a bhain Sky Brown cailín óg trí bliana déag d'aois bonn óir.

Ag amharc ar na comórtais seo rith sé liom nach mbeadh sé go hiontach dá dtíocfadh leis an domhan mhór cluichí CLG a fheiceáil ann. S'amhlaigh go dtiocfadh le comórtas Poc Fada bheith mar chomórtas ann. Rás fríd na sleibhte sa Fhrainc in 2024 nó in sléibhte Santa Monica agus mar chuid de chluichí Los Angeles 2028. Samhlaigh fosta dá dtíocfadh leis an domhan spóirt gaiscíoch na hiomána a fheiceáil faoi lán seoil nó sár-scil na peile a bhlaiseadh. Is léir go bhfuil ráth ar na cluichí go hidirnáisiúnta, níl le déanamh ach spleacadh a thabhairt ar na comórtais a bíos ann go hidirnáisiúnta – cluichí na hÁise, an Mheánoirthear gann trácht ar Mheiriceá go fiú. Is léiriú eile suntasach é go bhfuil stáisiún teilifíse sa Spáinn chun craoladh beo a dhéanamh ar chluiche ceannais peile na bliana seo ar an suim atá ag muintir na Spáinne sna cluichí agus an fás agus forbairt i dtuaisceart na tíre sin agus san Eoraip ach go háirithe.

An dtíocfadh linn mar shampla comórtas domhanda CLG a reachtáil mar chuid de na cluichí oilimpeacha? Cinnte bheadh leasuithe le déanamh maidir leis na foirne a bheadh ábalta páirt a thógáil ann. Bheadh cinneadh le déanamh ar cheart ligint do foirne ón tír seo bheith páirteach ann. Ach mar a dhéanann siad sa sacar, nuair is comórtas faoi trí bliana is fíche atá i gceist agus fiú sa rugbaí nuair a imrítear comórtas seachtar an taobh bheadh solúbthacht de dhíth cinnte ach gann amhras bheadh réiteach ann. An dtíocfadh foireann na hÉireann a chur le chéile dóibh siúd nár imir peil ná iománaíocht ag leibhéal idirchontae, sampla Underdogs TG4 a thógáil go fiú?

Tá cúpla rud cinnte anseo, bheadh spreagadh dochreidte ann dóibh siúd atá gnóthach leis na cluichí a chur chun cinn timpeall na crúinne. S'amhlaigh go dtíocfadh le bainisteoir a rá le himreoirí go bhfuil sé mar sprioc acu na cluichí oilimpeacha a bhaint amach. Má tá muid dáiríre faoi na cluichí a fhorbairt i measc páistí iad siúd a chuaigh ar imirce nach iontach dá mba rud é go raibh sprioc ann dóibh cluichí oilimpeacha a bhaint amach sna cluichí gaelacha. Bhéinn cinnte go mbeadh tarraingt ar na cluichí ó na meáin idirnáisiúnta agus lucht féachana idirnáisiúnta.

Má tá suim agamsa bheith i mo shuí agus bheith ag amharc ar an chlárscatáil, gafa leis an dreapadóireacht agus ag béiceach faoi na hiarrachtaí sa chomórtas ghleacaíochta, tá daoine eile cosúil liom áit éigin eile sa domhan a bheadh oiread chomh tugtha le poc sleasa daichead méadar ón chúl, ceapadh glan ard san aer ó chic amach ná ruathair aonair fríd lár na páirce.




# Do Chlub, Do Chontae:

# CLG Na Piarsaigh, Toronto

***Le Jamie Ó Tuama***

Club iománaíochta agus camógaíochta a cuireadh ar bun sa bhliain 2010 is ea Na Piarsaigh, Toronto, atá suite i dToronto Cheanada. Nuair a cuireadh an club ar bun an chéad lá baisteadh Toronto Hurling Club air ach athraíodh an t-ainm go dtí Na Piarsaigh, Toronto, sa bhliain 2015.

Labhair ball de chuid an chlub Pa Sheehan linn le déanaí agus thosaigh sé amach trí mhíniú dúinn cé air a ndéanann an club freastal go príomha, nó cé hiad fíorlucht an 'pharóiste'!

'Is dócha go bhfreastalaíonn an club ar aoinne ar mhaith leo triail a bhaint as an iomáint i gcathair Toronto ach go háirithe,' a deir Pa. 'Is cathair mhór é Toronto, dar ndóigh, agus, mar sin, tá imreoirí againn ó na bailte eile timpeall na cathrach cosúil le Mississauga, Brampton agus Etobicoke ach den chuid is mó tá na himreoirí, nó na baill, atá againn lonnaithe sa chathair féin, i dToronto.

'Tá an bainisteoir atá againn leis an bhfoireann iománaíochta, Enda McNamara ó chontae an Chláir, tagann sé ó Beamsville, sin baile eile atá beagnach 90k ó Toronto. Tógann sé thart ar uair go leith air tiomáint ó Beamsville go Toronto agus ansin uair go leith ar ais. Nuair a bhíodh muid ag traenáil go rialta bhíodh sé ag teacht chun na cathrach ar a laghad dhá uair nó trí huaire sa tseachtain le freastal ar na seisiúin traenála. 'Aoinne a thagann ó chontae cosúil le Cill Chainnigh nó áiteanna i gcontae Thiobraid Árann nó i gcontae an Chláir nó mar sin, seans nach n-imríonn siad peil ar chor ar bith. Mar sin, is iontach an rud é go bhfuil an iomáint ar fáil dóibh.'

Dar ndóigh, níl an club i bhfad ar bun i dToronto ach bhí go leor laochra móra ag an gclub ó bunaíodh iad. Tá moladh mór ach go háirithe ag Pa don bhainisteoir, Enda McNamara, agus duine de bhunaitheoirí an chlub, Colm Sharkey.

'Anseo, is é an bainisteoir (Enda McNamara) an duine is tábhachtaí sa chlub i mo thuarimise. Duine eile atá tábhachtach ná Colm Sharkey ó Bhaile Átha Cliath, a bhunaigh an club i 2010 nuair a tháinig sé anseo.'
Níl mórán clubanna a imríonn an iomáint i gCeanada agus d'iarr mé ar Pa ar chruthaigh sé sin dúshláin don chlub maidir le cluichí rialta a fháil. Míníonn sé dom anseo an cineál leagan amach a bhíonn ar a gcuid comórtas i dToronto.

'Toisc nach raibh foireann eile sa chathair go dtí 2015 ghlac Toronto Hurling Club páirt i gcomórtais eile i gcathracha sna Stáit Aontaithe, i gCeanada i gcathracha cosúil le Cleveland, Indianapolis, Montreal agus Otoa. Gach Meán Fómhair, ar Labour Day, bíonn na North American's ar siúl i dTuaisceart Mheiriceá.
'Bíonn Craobh ar siúl gach samhradh i dToronto féin idir na Piarsaigh agus Clann na nGael agus de ghnáth bíonn 'best of 5 series' ann agus an chéad fhoireann a bhuann trí chluiche is iad na buaiteoirí. Tá sé cosúil leis an tsraith a bhíonn ar siúl sa chispheil nó sa haca i Meiriceá Thuaidh.

'Bunaíodh club nua iomána dhá bhliain ó shin i 2019, darb ainm Cuala Sarsfields. Ní raibh aon chraobh againn anuraidh, ar an drochuair, de bharr na paindéime. Mar sin, ní raibh aon chluiche oifigiúil ag an gclub nua sin, ach amach anseo beidh trí chlub iomána sa chathair anseo agus beimid go léir ag imirt in aghaidh a chéile.

‘Tá muid lonnaithe in áit atá an-chóngarach do chathracha móra Éireannacha cosúil le Nua-Eabhrac, Boston, Chicago, Cleveland, Indianapolis, na cathracha móra sin. Déanann muid iarracht freastal ar na comórtais a eagraíonn na cathracha sin, chomh maith, agus bíonn ár gcomórtais féin againn gach bliain i mí Mheán Fómhair anseo.’

Is minic a bhíonn clubanna Chumann Lúthchleas Gael ina dtearmainn ag Éireannaigh thar lear agus d’fhéadfá an rud céanna a rá faoi Na Piarsaigh, Toronto. Labhraíonn Pa faoin spiorad pobail a chuthaítear sa chlub.

‘Cosúil le haon fhoireann nó aon chlub lasmuigh d’Éirinn, cruthaítear pobail sna cathracha i measc daoine i gCumann Lúthchleas Gael agus sna clubanna féin. Tá pobal láidir againn. Tá foireann camógaíochta againn anois le cúpla bliain anuas don chéad uair riamh. Roimhe sin, ní raibh ach aon fhoireann amháin camógaíochta againn sa chathair, ‘Le Chéile’ agus foireann iontach iad.’

Ní Éireannaigh amháin atá sa chlub, mar sin féin, agus labhraíonn Pa faoin ról a ghlacann na Ceanadaigh sa chlub.

‘Is dócha go bhfuil níos mó Ceanadach ag imirt leis na mná ná na fir. Bíonn sé deacair mar tá an caighdeán chomh hard, is dócha. Ní tosaitheoirí iad na hÉireannaigh agus bíonn sé deacair ar na Ceanadaigh briseadh isteach, ach déanann siad iarracht. Tá fear amháin againn, Darren Snuck, atá ag foghlaim Gaeilge is gach aon rud.’

Tá níos mó ná cluichí i gceist le clubanna de chuid Chumann Lúthchleas Gael agus níl Na Piarsaigh pioc níos difriúla ná clubanna eile. Déanann an club iarracht imeachtaí sóisialta a eagrú do na baill.

‘Le linn na paindéime d’eagraíomar neart imeachtaí. Bhí draíodóir againn oíche amháin. Bhí cúpla ‘tráth na gceist’ againn cosúil le gach aoinne in Éirinn is dócha agus cúpla rud eile. Eagraímid Barbeques, ócaidí teacht le chéile ‘is rudaí mar sin mar bíonn an aimsir go hiontach anseo i rith an tsamhraidh nuair a bhíonn an chraobh ar siúl.

‘Déarfainn go bhfuil níos mó na 50% de na baill nach n-imreoirí iad, daoine atá ceangailte leis an gclub agus b’fhéidir go bhfuil siad ag dul amach le duine de na himreoirí nó b’fhéidir díreach gur mhaith leo freastal ar na cluichí.’

Tá an club ag gabháil go maith faoi láthair ach míníonn Pa anseo dom faoi na pleananna ata ag an gclub don chéad ghlún eile.

‘Déanann muid iarracht obair a dhéanamh le páistí is dócha agus le paistí áitiúla. Mar a luaigh mé is club an-óg é an club seo agus mar sin na daoine a bhunaigh an club i 2010 tá paistí acu anois agus tá siadsan lonnaithe i gCeanada. Is Ceanadaigh iad is dócha ach ag an am céanna is Éireannaigh iad.

‘Déanfaidh muid iarracht amach anseo níos mó a dhéanamh leis na páistí. Is cuimhin liom a bheith i Chicago agus i Nua-Eabhrac ag féachaint ar na struchtúir a bhí agus atá acu leis na páistí, agus an méid oibre a dhéantar leis na páistí. Ba bhreá linn sin a dhéanamh ach níl na huimhreacha againn anois. Táimid fós óg agus táimid ag díriú ar na foirne sinsir, ach déanfaimid é sin amach anseo.’

***Bunaithe:***
2010
***Dathanna:***
Gorm, Dubh agus Bándearg
***Líon Foirne:***
50 ball a imríonn
***Laochra móra an chlub:***
Enda McNamara (bainisteoir Reatha),
Colm Sharkey (duine de bhunaitheoirí an chlub)

***Buaite***
***Craobh Idirmheánach Mheiriceá Thuaidh:***
2013, 2015
***Craobh Toronto:***
2015, 2016, 2017, 2019
***Sraith Toronto:***
2015, 2016, 2017, 2019

Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

Do Chlub, Do Chontae, Do Cheanada!



# PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Snáithe: Cluichí | Leibhéal Ranga : Ranganna 1 & 2 | Ceacht: **5**

## Ionad:

Clós/Halla

## Trealamh:

Pónaireáin, cóin, rópaí, liathróidí, húlahúpanna, liathróidí peile, liathróidí pónairí nó leadóige

**Ceacht 5**

**Cluiche Corr**

**Snáithaonad:** Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

**Spriocanna Curaclaim:**
Forbairt agus cleachtadh ar scileanna láimhseála na liathróide. Liathróid bheag nó pónaireán a cheaitheamh le targaid.

- Rollú liathróid bheag chuig targaid
- Caitheamh liathróid bheag, lámh in íochtar

**Snáithaonad:** Cruthú agus Imirt Cluichí

**Spriocanna Curaclaim:**
Daltaí ag cumadh agus ag imirt cluichí ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.
Cruthaigh cluiche "Buail an liathróid chun Sprice"

**Snáithaonad:** Tuiscint agus Léirthuiscint ar Chluichí

**Spriocanna Curaclaim:** Comhrá a spreagadh faoi scileanna gluaiseachta a bhaineann le cluichí & forbairt ar na scileanna sin
Forbairt ar stráitéisí chun fadhbanna a réiteach agus cinnteoireacht
Daltaí ag comhlíonadh rialacha simplí cluichí

**Nascáil:**
Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)
Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith & Caitheamh

**Ceap do Phleananna Ceachta Féin**



GAA Learning

GAA Activity Planner

**Tuilleadh eolais** www.learning.gaa.ie/planner/primary

## Tagairtí:

**Curaclam na mBunscoileanna**
Corpoideachas (1999)
Treoirlínte do Mhúinteoirí Corpoideachais (1999)

**Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna**
http://www.ppds.ie/pcsparchive/pe/pssi.clickme.html

**Fun Do GAA Learning Resource Pack** (2007)



Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

## Eagrú

- Bíodh na daltaí ina seasamh le hais a chéile
- Ar a seal, caitheann an dalta an pónaireán nó an liathróid phónairí, lámh in íochtar

## Gníomh 1 - Caith an Mála

- Caith an mála chomh fada uait agus is féidir nó déan iarracht an targaid a bhualadh



## Pointí Teagaisc

- Cinntigh go bhfuil dóthain spáis ag na daltaí a cheadóidh dóibh an gníomh a dhéanamh ar shlí shábháilte
- Spreag na daltaí chun an dá láimh a úsáid agus iad ag caitheamh
- Tabhair céim chun cinn agus an chos ar an taobh eile ar mhaithe le cothromaíocht

## Eagrú

- Roinn an rang ina ngrúpaí, triúr nó ceathrar i ngach grúpa
- Bíodh cón nó marc mar thargaid
- Úsáid liathróid peile nó liathróid phónairí ar dtús sula n-úsáidtear an pónaireán

## Gníomh 2 - Leag an Caipín

- Ar a seal, caitheann na daltaí an liathróid , an liathróid phónairí nó an pónaireán agus iad ag iarradh an targaid a bhualadh agus a leagan.



## Pointí Teagaisc

- Bain úsáid as liathróid mhór agus as an dá láimh sula mbaintear trial as teicníc na leath-láimhe

# PE Céim ar Aghaidh

**Ceacht 5**
**Cluiche Corr**

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

## Eagrú

- Roinn an Rang ina ngrúpaí, triúr i ngach grúpa
- Scaip na grupaí feadh an chlóis/halla
- Pónaireán nó liathróid pónairí amháin ag gach grúpa

## Gníomh 3 – Sáite i Lár Báire

- Bíodh dalta amháin 'Sáite i Lár Báire'
- Pasáileann na daltaí eile an liathróid chuig a chéile agus iad ag iarradh í a choineáil amach ón té atá sa lár



## Pointí Teagaisc

- Meascán pónaireáin, liathróidí ar mhéideanna éagsúla, liathróidí boga agus liathróidí crua a chaitheamh
- Spreag na daltaí úsáid a bhaint as teicnící éagsúla caithimh le lámh an íochtar
- Cinntigh go bhfuil dóthain spáis ag na daltaí a cheadóidh dóibh an gníomh a dhéanamh ar shlí shábháilte

**C Céard is féidir le do pháirtí a dhéanamh a fhágfaidh go mbeidh sé éasca agatsa breith ar an liathróid?**

## Eagrú

- Roinn an rang ina ngrúpaí, triúr nó ceathrar i ngach grúpa
- Bíodh cón nó marc mar thargaid
- Úsáid liathróid peile nó liathróid phónairí ar dtús sula n-úsáidtear an pónaireán

## Gníomh 4 – Cruthaigh Cluiche Caithimh

- Iarr ar na daltaí cluiche a chumadh ag baint úsáide as an trealamh atá acu



## Pointí Teagaisc

- Úsáid a bhaint as réimse teicnící a bhaineann le caiteamh

Snáithe: Cluichí


Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

## Eagrú

- Na himreoirí le socrú faoi mar a bheidís i gCluiche Corr
- Úsáid liathróid pónairí nó liathróid leadóige

## Forbairt – Buail an Liathróid chuig an Daoradh

- Bíodh an caiteoir ina s(h)easamh ag an daoradh agus an liathróid á chaitheamh aige/aici chuig an gceapadóir
- A luaithe agus a thrasnaíonn an liathróid an daoradh baile, ní dhéanann an slacaí aon iarracht í a bhualadh, ach caitheann an bata uathu agus ritheann go dtí an chéad daoradh, agus ar an slí sin go dtí an daoradh baile
- Caitheann an ceapadóir chuig an chéad daoradh, ansin an dara ceann, an tríú agus an ceann baile
- Déanann an slacaí iarracht an daoradh baile a shroichint sula ndéanann an liathróid sin




## Pointí Teagaisc

- Gríosaigh na daltaí chun cuairt a thabhairt ar gach daoradh

Gníomhartha iar-aclaíochta agus searrtha – www.learning.gaa.ie/planner/primary

# Cuardach Focal

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R | A | F | E | A | D | Ó | G | Á | C | B | C | D | U | B | H | D | D |
| I | F | B | I | D | E | U | E | H | Á | Ú | B | F | T | U | T | É | H |
| A | G | L | L | E | A | B | H | A | R | N | Ó | T | A | Í | H | S | Á |
| I | Á | Ó | Í | C | R | A | P | G | T | R | N | M | R | É | Ú | C | P |
| L | O | C | L | P | G | M | Ó | I | A | N | I | Ó | F | P | S | I | H |
| A | S | A | M | C | Ú | I | T | I | M | H | Í | T | Ó | H | Ú | C | R |
| N | Í | L | É | P | R | N | F | M | G | A | M | B | R | E | I | S | E |
| B | D | A | P | O | C | S | A | O | R | C | E | B | A | Ó | L | L | A |
| H | É | O | L | C | Ú | I | H | L | D | U | Í | G | O | Á | A | E | B |
| U | C | I | C | É | I | R | I | C | E | C | F | C | I | O | N | A | I |
| N | A | S | Á | I | T | S | Á | M | B | É | N | P | L | R | T | S | P |
| T | Á | Ó | U | R | L | O | C | A | P | I | O | N | Ó | I | S | E | Í |
| Á | Ú | N | C | I | D | E | P | R | M | M | É | F | L | Ó | E | G | H |
| I | B | A | T | C | P | O | C | S | L | E | A | S | A | U | A | F | Ú |
| S | L | Ó | M | E | O | P | S | É | R | A | S | N | R | S | B | T | É |
| T | N | I | M | M | A | O | R | L | Í | N | E | L | D | Í | H | E | I |
| E | G | F | Í | C | G | H | T | H | B | N | C | I | C | S | A | O | R |
| M | A | O | R | C | Ú | I | L | C | Ú | A | C | A | D | V | I | Á | E |
| A | C | A | I | T | H | E | A | M | H | I | S | T | E | A | C | H | B |

*Aimsigh na nithe seo a leanas a bhaineann leis an réiteoir!*

**FEADÓG**
**CÁRTA**
**BUÍ**
**DEARG**
**DUBH**
**LOCA PIONÓIS**
**MAOR LÍNE**
**MAOR CÚIL**
**POC SAOR**
**CIC SAOR**
**CALAOIS**
**CIC ÉIRICE**
**POC ÉIRICE**
**POC SLEASA**
**CIC SLEASA**
**AR FÓRAOIL**
**AM CÚITIMH**
**AM BREISE**
**SÚIL AN TSEABHAIC**
**TÁ**
**NÍL**
**CAITHEAMH ISTEACH**
**RIAIL AN BHUNTÁISTE**
**CÉIMEANNA**
**DHÁ PHREAB**
**LEABHAR NÓTAÍ**



FREAGRAÍ

# Do Chlub, Do Chontae
# Caith an Fáinne!







Tá an Fáinne ar fáil ó
**www.gael-linn.ie / www.cnag.ie**

#GAAgaeilge

Conradh na Gaeilge   Gael Linn

# An tábhacht a bhaineann le huisce

Mar chuid de shraith físeán a rinneadh don chúrsa idirbhliana 'Ceannairí don Todhchaí' (Future Leaders) feictear go soiléir an tábhacht agus an géarghá a bhaineann le neart uisce a ól agus imreoirí ag réiteach do chluichí agus do sheisiúin traenála.

Ag labhairt san fhíseán seo tá Kate McDaid, saineolaí cothúcháin le foirne peile ban Átha Cliath agus an Longfoirt chomh maith le Gary Brennan, an Clár, agus Aoife Ní Chasaide, CLG Roibeard Eiméid Sleacht Néill agus Doire.

Breathnaigh ar an bhfíseán anseo:






*The Irish language is important to me because it symbolises our Irish identity to have the cúpla focal. It is a privilege to have it as it is our national language and if people could speak it a lot more, even a few words here and there, it would be great.*

**CIARÁN KILKENNY, MEITHEAMH, 2013**

# Caoineadh Uí Ógáin

***Le Liam Ó Caoindealbháin***



Grian gheal sa spéir,
Lucht tacaíochta le chéile,
Ár muintir is pobail go léir,
Ag gríosadh imreoirí.

Ach scaoileadh urchar
tríd an aer,
Páiste bocht leagtha,
Is rírá go léir,

Is Mícheál Ó hÓgáin,
Ag cur fola ar an bhféar,
A gheansaí peile scriosta,
Millte leis an bpiléar,

Tháinig fear eile chuige,
Chun paidreacha a rá,
Ach scaoileadh urchar leis,
Is cailleadh é ar an drochlá.

Bhuail urchar eile Jane,
Íobairt na mná,
A bhí ag súil le pósadh,
Ach curtha ina gúna bán.


Ceithre dhuine dhéag,
Caillte i bPáirc an Chrócaigh,
Ceithre shocraid déag,
Páistí, Fir Céile, Bean is Stócaigh

A gheansaí bán is uaine,
A bhí chomh geal, gan smál,
Ach anois le dearg fola,
Bás truamhéalach a fháil.

A Mhíchil, sheas tú amach
Don fhoireann chontae, lán le bród
Ach thit fíorlaoch gaelach,
Nuair a cailleadh thú ar an bhfód.

Seasaimid an lae inniu,
Ar ardán i do chuimhne
Fanann tú linn a Mhíchil,
Inár smaointe, Inár gcroíthe






# Buaiteoir Chomórtas CLG Sheachtain na Gaeilge

***"Mo Laoch CLG – Déan Rock".***

Seán Bermingham
Rang 6





*Fiú mara bhfuil agat ach beagán Gaeilge is fiú í a labhairt'*

**MARC Ó SÉ, LÚNASA, 2013**

# Crosfhocal

**TRASNA**

1. Curaidh Peile na Mumhan 1992, 2,4
5. Bainsiteoir Peile Lú, 5
8. Iar-Uachtarán CLG, 3, 7
11. Contae Sheáin Uí Mhaoilchiaráin, 8
12. Imríonn sé peil le hUíbh Fhailí, 5
13. Réiteoir ó Chorcaigh, 5, 4
14. Curaidh Chorn Lory Meagher 2021, 4, 6


**SÍOS**

Contae ina n-imríonn Cill Chua, 4, 4

2. Contae Eoin Murphy, 4, 9
3. Curaidh Iomána na Mí 2020, 3, 5
4. Comórtas damhsa de chuid Scór, Rince _____ ,4
6. Club Ryan O'Donoghue, 4, 2, 10
7. Club Richie Hogan 3, 6
9. Imríonn sé peil le hÁth Cliath, _____ McDaid, 6
10. Seastán i bPáirc an Chrócaigh, Ardán Uí ___, 5

**FREAGRAÍ**






*Iománaithe Fhear Manach ag ceiliúradh*

Le Jamie Ó Tuama




# Ar bhóithrín na smaointe… Cláirínigh Bhuacacha '92

Fanfaidh an dáta 19 Iúil, 1992, i gcuimhne mhuintir an Chláir go ceann i bhfad. B'in é an lá stairiúil nuair a fuair an Clár an ceann is fearr ar Chiarraí i gCluiche Ceannais Peile na Mumhan 1992 ar scór 2-10 go dtí 0-12. John Maughan a bhí mar bhainisteoir orthu an lá sin nuair a d'eirigh leo a gcéad Chraobh na Mumhan a bhuachan don chéad uair ó 1917 i leith.

Dar ndóigh, ba iad na Ciarraígh a bhí go láidir mar rogha na coitiantachta an deireadh seachtaine sin ach níor chuir sé sin isteach ná amach ar mhuintir an Chláir. Bhí siad sa chluiche ceannais don chéad uair le 43 bliain anuas ach bhí dul chun cinn mór millteach déanta acu le Maughan ag an stiúir agus bhí siad réidh don chluiche.

Bhí cic éirice ag an gClár sa chúigiú nóiméad ach chuir Gerry Killeen a iarracht amú nuair a shábháil cúl báire Chiarraí, Peter O'Leary, í. Ina ainneoin sin, shocraigh an Clár isteach sa chluiche agus bhí siad chun tosaigh leis an aon chúilín amháin ag leatham.

Bhí an-seans ar chúl ag Jack O'Shea do Chiarraí ag tús na dara leithe ach chuir sé an seans sin amú. Sa 48ú nóiméad ansin, d'aimsigh Colm Clancy cúl do na Cláirínigh a d'fhág chun tosaigh ar scór 1-8 go dtí 0-08 iad.

Go gairid ina dhiaidh sin cuireadh liathróid ard fhada isteach i dtreo na cearnóige agus d'éirigh le Martin Daly go leor a dhéanamh lena cur isteach san eangach don Chlár. Bhí an Clár chun tosaigh le cúig chúilín agus gan fágtha sa chluiche ach 13 nóiméad. Cé nach raibh port na gCiarraíoch seinnte fós rinne an Clár a ndóthain leis an gcluiche a bhuachan.

Ba é Marty Morrissey a bhí i mbun tráchtaireachta do RTÉ an lá sin thiar sa bhliain 1992 agus beidh cuimhne go deo ar a raibh le rá aige.

'I can tell you that there won't be a cow milked in County Clare for at least a week!'

Ní dhéanfaidh muintir an Chláir dearmad ar an gcluiche sin go deo. B'in é an lá a fuair Dáiví an ceann is fearr ar Góiliat!




***Gluais*** / Glossary
***páirc bhaile*** – home ground ***le gairid*** – recently
***Uachtarán*** – President ***go deireanach*** – the last time
***Ramhar Aontaithe*** – Ramor United
***curaidh reatha*** – current champions

# 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

1. Cén t-ainm atá ar pháirc bhaile Liatroma?
2. Cé a bhuaigh Corn Nickey Rackrad le gairid?
3. Cé a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann sa bhliain 2002?
4. Cé leis a n-imríonn Paddy Smith?
5. Cé a bhí mar chaptaen ar Chiarraí nuair a bhuaigh siad Cluiche Ceannais Peile na hÉireann sa bhliain 2004?
6. Cén bhliain inar bhuaigh Port Láirge Craobh Shinsir Iomána na hÉireann go deireanach?
7. Cén contae ina n-imríonn Ramhar Aontaithe?
8. Cé a bhí ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael roimh Sheán Mac Thaidhg?
9. Cé leis a n-imríonn Éamonn Óg Ó Donnchadha iomáint?
10. Cé hiad curaidh reatha Chorn Lory Meagher?

***FREAGRAÍ***

*Le Tricia Ní Chearra*

# Tacaíocht dár gCóitseálaithe

# Gaeilge Support for Coaches

Tá ráite ag clubanna agus ag baill CLG Uladh le fada gur mhaith leo tuilleadh tacaíochta maidir le Gaeilge sa chóitseáil agus sna seisiún traenála. Táimidne anseo ag CLG Uladh ar aon intinn leo, agus tá sé in am againn acmhainn a chruthú dóibh siúd nach bhfuil Gaeilge acu ar mhaith leo í a úsáid ar an pháirc agus ar acmhainn ar thabharfaidh muinín dóibh agus iad á labhairt.

*Ulster clubs and members have asked for further support in introducing Gaeilge in their training and coaching sessions. We at CLG Uladh agree that there is a need for a resource that would help those who do not have Gaeilge but wish to use it on the field, and in particular, for a resource that would help give that much-needed boost of confidence to those new speakers who wish to use Gaeilge in this way.*

Tá CLG Uladh ag forbairt acmhainne i láthair na huaire do Chóitseálaithe an Chúige. Cuirfear an acmhainn seo ar fáil do bhaill an CLG ar mhaith leo Gaeilge a úsáid sna seisiúin traenála. Beidh sé úsáideach dár mbaill a bhfuil Gaeilge acu ach meirg uirthi, agus dóibh siúd nach bhfuil focal Gaeilge acu go fóill. Tabharfaidh na físeáin seo muinín dár gcóitseálaithe frasaí agus focail Gaeilge a úsáid sna seisiúin ar dhóigh iontach nádúrtha.

*Ulster GAA is currently developing a video series that will serve as a coaching resource for our GAA members who want to begin to use Gaeilge in their sessions, whether they are already Irish speakers or have never learned the language before. The videos will assist coaches in using what little Gaeilge they can with confidence, and allow them to include short words and phrases in their sessions as naturally as they would in English.*

Déanfaidh cóitseálaí de chuid CLG Uladh a bhfuil saineolas aige le heochairchéim a 2, Eoghan Mag Uiginn, an cóitseáil ar fad sna físeáin seo, agus páistí ón eochairchéim sin leis. Tá CLG Uladh ag obair le Fearghal Mag Uiginn ó BBC Uladh ar an tionscadal seo chomh maith, agus cuirfear saineolas Fhearghail go mór leis na físeáin féin.

*The videos will be demonstrated by Ulster GAA's KS2 coach, Eoghan Mag Uiginn, with the well-known voice and scripting talents of BBC Ulster's Fearghal Mag Uiginn collaborating with us on this initiative.*

Mar chuid den tionscadal seo, beidh cluichí éagsúla le feiceáil sna físeáin, pléifimid dóigheanna chun Gaeilge a úsáid agus tú ag moladh na n-imreoirí, frásaí agus focail úsáideacha a bhfuil baint acu le cúrsaí CLG srl. Ba chóir, ag deireadh na sraithe, go gcluinfeá níos mó Gaeilge ón chóitseálaí agus ó na himreoirí agus sibh ag dul chun páirce.

*The series will include useful games to play with underage teams, how to use Gaeilge to praise and support our underage players, key phrases, words and GAA-related phrases to intertwine with your sessions with the aim of increasing, session by session, the amount of Gaeilge you use, and hear, each time you and your team take to the pitch.*

Beidh an tsraith seo réidh agus foilsithe againn i dtreo dheireadh an tsamhraidh. Beidh na físeáin ar fáil ar shuíomh CLG Uladh, agus ar YouTube.

*This video series is scheduled for release late in the summer of 2021. It will be available on Ulster GAA's Gaeilge microsite and Ulster GAA's YouTube channel.*



FSMD

Seolfaidh Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Seán Ó hÓráin

# Aip Nua Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

Dé Céadaoin 18.11.20 ag 16:00 ar lch. Facebook Ghlór na nGael

Glór na nGael

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

GAA

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Foras na Gaeilge

# Freagraí

## P. 26
### Cuardach Focal

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R | A | F | E | A | D | Ó | G | Á | C | B | C | D | U | B | H | D | D |
| I | F | B | I | D | E | U | E | H | Á | Ú | B | F | T | U | T | É | H |
| A | G | L | L | E | A | B | H | A | R | N | Ó | T | A | Í | H | S | Á |
| I | Á | Ó | Í | C | R | A | P | G | T | R | N | M | R | É | Ú | C | P |
| L | O | C | L | P | G | M | Ó | I | A | N | I | Ó | F | P | S | I | H |
| A | S | A | M | C | Ú | I | T | I | M | H | Í | T | Ó | H | Ú | C | R |
| N | Í | L | É | P | R | N | F | M | G | A | M | B | R | E | I | S | E |
| B | D | A | P | O | C | S | A | O | R | C | E | B | A | Ó | L | L | A |
| H | É | O | L | C | Ú | I | H | L | D | U | Í | G | O | Á | A | E | B |
| U | C | I | C | É | I | R | I | C | E | C | F | C | I | O | N | A | I |
| N | A | S | Á | I | T | S | Á | M | B | É | N | P | L | R | T | S | P |
| T | Á | Ó | U | R | L | O | C | A | P | I | O | N | Ó | I | S | A | Í |
| Á | Ú | N | C | I | D | E | P | R | M | M | É | F | L | Ó | E | G | H |
| I | B | A | T | C | P | O | C | S | L | E | A | S | A | U | A | F | Ú |
| S | L | Ó | M | E | O | P | S | É | R | A | S | N | R | S | B | T | É |
| T | N | I | M | M | A | O | R | L | Í | N | E | L | D | Í | H | E | I |
| E | G | F | Í | C | G | H | T | H | B | N | C | I | C | S | A | O | R |
| M | A | O | R | C | Ú | I | L | C | Ú | A | C | A | D | V | I | Á | E |
| A | C | A | I | T | H | E | A | M | H | I | S | T | E | A | C | H | B |

## P. 31
### Crosfhocal

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 A | N | 2 C | L | 3 Á | R | | | | | | | | | | | |
| N | | I | | T | | | | 4 S | | | | | | | | |
| D | | L | | 5 H | A | R | T | E | | 6 B | | | 7 D | | | |
| Ú | | L | | T | | | | I | | É | | | Ú | | | |
| N | | C | | R | | | | T | | A | | | N | | | |
| | | H | | O | | | | | | L | | | F | | | |
| | | A | | I | | | | | | A | | | E | | | |
| | | I | | 8 M | A | C | D | O | N | N | C | H | A | | | |
| | | N | | | | | | | | M | | | T | | 9 R | |
| 10 Ó | | N | | | | | | | | H | | | H | | O | |
| 11 G | A | I | L | L | I | M | H | | | U | | 12 D | A | R | B | Y |
| Á | | G | | | | | | | | I | | | | | B | |
| I | | H | | | | | | | | R | | | | | I | |
| N | | | | | | | | | | T | | 13 L | A | N | E | |
| | | | | | | | | | | H | | | | | | |
| | | | | | | | | | | E | | | | | | |
| | | | | | 14 F | E | A | R | M | A | N | A | C | H | | |
| | | | | | | | | | | D | | | | | | |

## P. 33
### 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh

1. Páirc Seán Mac Diarmada
2. Maigh Eo
3. Ard Mhacha
4. Áth Cliath
5. Dara Ó Cinnéide
6. 2010
7. An Cabhán
8. Ó Maoilmhichil
9. An Mhí
10. Fearmanach






# MÍLE BUÍOCHAS

**Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.**

**Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus á chur i in eagar ag Jamie Ó Tuama.**

**Deartha ag DBA Publications,**
**An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.**

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN